C/2026/3579

3.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3579)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Côtes de Bordeaux’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0987-AM05 — 2.4.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Côtes de Bordeaux’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An tÚdarás náisiúnta atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Côtes de Bordeaux’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad. Go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar chatagóir na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú ‘caighdeánach’ atá an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Limistéar dáileachta talún críochaithe an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Cadillac'

Tuairisc

Tugadh limistéar dáileachta talún críochaithe an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Cadillac' cothrom le dáta. Cuireadh an dáta a dheonaigh an choiste náisiúnta formheas, an 11 agus an 12 Meitheamh 2025, leis an tsonraíocht táirge i Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', 2) 'Limistéar dáileachta talún críochaithe', pointe c).

Baineadh liosta mionsonraithe na mbardas sa roinn seo.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar dáileachta talún críochaithe an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Blaye'

Tuairisc

Tugadh limistéar dáileachta talún críochaithe an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Blaye' cothrom le dáta. Cuireadh an dáta a dheonaigh an choiste náisiúnta formheas, an 12 Feabhra 2026, leis an tsonraíocht táirge i Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', 2) 'Limistéar dáileachta talún críochaithe', pointe b).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla

Tuairisc

Athraíodh foclaíocht Chuid IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla'. Tugadh an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil cothrom le dáta chun tagairt a dhéanamh do leagan 2025 agus cuireadh digitiú na limistéar san áireamh, rud is féidir a aimsiú anois ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

Cuireadh na dátaí ar ar fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta, le linn sheisiúin an choiste náisiúnta, isteach ag pointí a), b), c), d), e) agus f) den tsonraíocht táirge, i Roinn IV, 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', 1) 'Limistéar geografach'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Côtes de Bordeaux'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0987-AM05 — 2.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Côtes de Bordeaux'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta dearga socra

Tréithe orgánaileipteacha

Daite

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Bordeaux' le haghaidh fíonta socra dearga.

Forchoimeádtar na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Cadillac', 'Castillon', 'Blaye', 'Francs' agus 'Sainte-Foy' le haghaidh fíonta socra dearga.

Dea-bholadh/srón

Na fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Bordeaux' acu, tá siad maothlach, torthaíoch, agus is féidir iad a choimeád ar feadh 3 go 10 mbliana.

Blas/béal

Is minic a bhíonn na fíonta dearga bunaithe ar Merlot N mar an príomhchineál fíniúna, a fhástar ar ithreacha cré-aolchloiche a chuireann lena cháilíochtaí sonracha uile. Faightear fíonta atá torthaíoch agus bog nuair a dhéantar cumasc le Cabernet Sauvignon N, Cabernet Franc N nó Cot N (ar a dtugtar Malbec go háitiúil).

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Tá fíonta dearga an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Blaye' galánta agus séimh lena mbaineann dath domhain dian, agus dea-bholaithe torthaíocha agus fíneálta. Tá siad thar a bheith oiriúnach lena n-aosú.

Bíonn dath dorcha an rúibín ar fhíonta dearga an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Castillon'. Léirítear leis na dea-bholaithe dlús agus doimhneacht, lena mbaineann siollaí pluma, leathair agus géim go minic, agus rianta úire shraith na foraoise agus torthaí dearga an-aibí. Sa bhéal, bíonn na fíonta sin torthaíoch, tathagach agus cumhachtach. Oireann siad go rímhaith don aosú.

Saintréith d'fhíonta dearga an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Cadillac' is ea a ndath domhain, atá beagnach dubh, an fhíneáltacht mhór aramatach agus an maothlachas struchtúrtha a bhíonn le brath orthu sa bhéal. Is féidir iad a ól agus iad úr agus torthaíoch, ach is fiú iad a ól agus iad aosaithe ar feadh tréimhse idir 4 agus 10 mbliana nó níos mó, nuair a éiríonn an tathag cumhachtach séimh agus maothlach, agus nuair a éiríonn a ndea-bholaithe níos casta agus níos déine.

Bíonn dathanna breátha ar fhíonta dearga an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Francs' agus bíonn siad láidir lena mbaineann maothlachas áirithe.

Bíonn déine láidir datha ag fíonta dearga an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Sainte-Foy', agus bíonn comhdhéanamh aramatach acu inarb iad torthaí dearga is mó a bhíonn le brath. Sa bhéal, bíonn an fíon cothrom go hiomlán lena mbaineann beagán úire ar an gcéad bhlas agus searbhas ag an deireadh. Tugann cumasc le Cabernet Franc agus Cabernet Sauvignon castacht agus struchtúr do na fíonta.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

Ní mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh.

Ní mó ná 13,5 % an neart alcóil iomlán de réir toirte atá ag na fíonta tar éis an tsaibhrithe.

Tá coipeadh malalachtach sainordaitheach i gcás na bhfíonta dearga. Tá uaschion aigéad malach 0,3 gram in aghaidh an lítir i ngach baisc den fhíon dearg, bíodh sí pacáistithe nó neamhphacáistithe (bulcfhíonta).

Bíonn uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 13,26 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir sna fíonta go dtí 31 Iúil na bliana tar éis na buaine agus bíonn uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 16,33 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir sna fíonta tar éis an dáta sin.

Roimh phacáistiú nó nuair is bulcfhíonta iad, is cion SO_2 nach mó ná 140 milleagram in aghaidh an lítir atá sna fíonta.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíonta socra geala

Tréithe orgánaileipteacha

Daite

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán geografach forlíontach ‘Blaye’ le haghaidh fíonta socra tirime geala.

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán geografach forlíontach ‘Francs’ le haghaidh fíonta socra tirime geala agus fíonta milse geala.

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán geografach forlíontach ‘Sainte-Foy’ le haghaidh fíonta socra geala is féidir a bheith tirim, leathmhilis nó milis.

Dea-bholadh/srón

Is iondúil go ndéantar na fíonta geala as Sauvignon B cumaiscthe le Semillon B agus Muscadelle B. Is fíonta torthaíocha iad na fíonta atá i dteideal an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Côtes de Bordeaux’.

Blas/béal

Tá na fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Côtes de Bordeaux’ acu maothlach agus is féidir iad a choimeád ar feadh 3 go 10 mbliana.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe giolcaí, citris agus torthaí buí mar shaintréith d’fhíonta geala an ainmniúcháin ‘Côtes de Bordeaux’ ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach ‘Blaye’.

Bíonn fíonta tirime geala an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Francs' bríomhar ar an gcéad bhlas agus forbraíonn siad doimhneacht agus galántacht. Is minic a fhorbraíonn na fíonta geala ag a bhfuil siúcra iarmharach den ainmniúchán 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Francs' dea-bholaithe meala agus citris.

Forbraíonn fíonta geala an ainmniúcháin 'Côtes de Bordeaux' ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Sainte-Foy' dea-bholaithe bláthanna bána agus torthaí úra mar thoradh ar Semillon B a chumasc le Muscadelle B. Tá a maothlachas, lena mbaineann aigéadacht bheag, pléisiúrtha sa bhéal. Bíonn na fíonta blasta agus saibhir, bíonn iarbhlas orthu lena mbaineann siollaí torthaí coimhthíocha agus maireann siad i bhfad sa bhéal. Ar deireadh, bíonn leathmhilseacht shuntasach ag na fíonta ina bhfuil siúcra iarmharach lena mbaineann boige agus fíneáltacht.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Bíonn neart alcóil íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta socra tirime. Ní mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh. Ní mó ná 13 % an neart alcóil iomlán de réir toirte atá ag na fíonta tar éis an tsaibhrithe. Bíonn uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 13,26 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir sna fíonta go dtí 31 Iúil na bliana tar éis na buaine agus bíonn uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 16,33 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir sna fíonta tar éis an dáta sin. Roimh phacáistiú nó nuair is bulcfhíonta iad, is cion SO_2 nach mó ná 180 milleagram in aghaidh an lítir atá sna fíonta.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 14,5 % de réir toirte ag na fíonta socra milse geala. Is mó ná 51 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh. Roimh phacáistiú nó nuair is bulcfhíonta iad, is cion SO_2 nach mó ná 400 milleagram in aghaidh an lítir atá sna fíonta. De mhaolú air sin, roimh phacáistiú na bhfíonta nó nuair is bulcfhíonta iad, bunaítear cion aigéadacht sho-ghalaithe na bhfíonta le foraithne.

Déantar na fíonta leathmhilse geala a bhfuil siúcra iarmharach iontu as fhíonchaora a bhuantar agus íosmhéid siúcra 221 ghram in aghaidh an lítir úrfhíona fíonchaor iontu. Bíonn leathmhilseacht shuntasach ag na fíonta lena mbaineann boige agus fíneáltacht. Neart alcóil nádúrtha de réir toirte: 13,5 % ar a laghad. Neart alcóil iomlán de réir toirte tar éis an tsaibhrithe: 15 % Méid siúcra choipthigh idir 17 agus 45 ghram in aghaidh an lítir.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús agus spásáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas saothraithe

Tuairisc

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní bheidh an spásáil idir sraitheanna níos mó ná:

— 2,50 méadar i gcás fíniúnacha ar modh Guyot (singil nó dúbáilte) a úsáidtear lena dtreorú nó i gcás fíniúnacha a treoraíodh ar thródaim íseal-treillíse;

— agus 3 mhéadar i gcás fíniúnacha a threoraítear ar chreathlach lire agus treilís dhúbailte á húsáid. Is é seo a leanas an t-íosfhad is féidir a bheith idir plandaí sa tsraith chéanna:

— 0,85 méadar i gcás fíniúnacha ar modh Guyot (singil nó dúbáilte) a úsáidtear lena dtreorú nó i gcás fíniúnacha a treoraíodh ar thródaim íseal-treillíse;

— agus 0,74 mhéadar i gcás fíniúnacha a threoraítear ar chreathlach lire agus treilís dhúbailte á húsáid.

Cleachtas fíoneolaíoch

Rialacha maidir le prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas saothraithe

Tuairisc

Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog oscailte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí. Úsáidtear an modh prúnála spoir nó an modh prúnála cána, lena mbaineann uasmhéid 45 000 bachlóg in aghaidh an heicteáir agus uasmhéid 14 bhachlóg in aghaidh an fhíniúna.

Cleachtas fíoneolaíoch

Forálacha sonracha buaine

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas saothraithe

Tuairisc

Buantar na fíonchaora de láimh in iarrachtaí iomadúla le haghaidh na bhfíonta milse geala.

Cleachtas fíoneolaíoch

Saibhriú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú i gcás fíonta dearga suas go dtí ráta tiúchana 15 %. Tar éis an tsaibhrithe, ní mó ná 13,5 % de réir toirte neart alcóil iomlán na bhfíonta dearga; 13 % le haghaidh na bhfíonta geala tirime; agus 15 % le haghaidh na bhfíonta geala leathmhilse. Ní dhéantar aon saibhriú ar na fíonta milse.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta dearga socra

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	65
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra tirime geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	72
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra milse geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	40
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra leathmhilse geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	55
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíniúna óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Franc N

— Cabernet-Sauvignon N

— Côt N - Malbec

— Merlot N

— Muscadelle B

— Sauvignon B - Sauvignon blanc

— Sauvignon Gris G - Fié gris

— Semillon B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

1) *Limistéar geografach*

(a) Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiún an choiste náisiúnta inniúil an 8 Meitheamh 2016, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Anglade, Bassens, Baurech, Béguey, Belvès-de-Castillon, Berson, Blaye, Bouliac, Braud-et-Saint-Louis, Cadillac-sur-Garonne, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Campugnan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Castillon-la-Bataille, Cavignac, Cénac, Cenon, Cézac, Civrac-de-Blaye, Cubnezais, Donnezac, Donzac, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Floirac, Fours, Francs, Gabarnac, Gardegan-et-Tourtirac, Générac, Gensac, Haux, Landerrouat, Langoiran, Laroque, Laruscade, Latresne, Lestiac-sur-Garonne, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Ligueux, Lormont, Loupiac, Marcenais, Margueron, Marsas, Massugas, Mazion, Monprimblanc, Omet, Paillet, Pellegrue, Pessac-sur-Dordogne, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, an chuid de bhardas Pugnac a bhain le Lafosse sular chumasc siad an 1 Iúil 1974, an chuid de bhardas

Puisseguin a bhain le Monbadon sular chumasc siad an 1 Eanáir 1989, Quinsac, Reignac, Riocaud, Rions, La Roquille, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Cibard, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Palais, Saint-Paul, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Quentin-de-Caplong, Sainte-Foy-la-Grande, Saint-Savin, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Yzan-de-Soudiac, Sainte-Colombe, Sainte-Croix-du-Mont, Sainte-Eulalie, Les Salles-de-Castillon, Saugon, Semens, Tabanac, Tayac, Le Tourne, Val-de-Livenne, Verdelais, Villenave-de-Rions agus Yvrac.

(b) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Blaye', buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiún an choiste náisiúnta inniúil an 5 Márta 2009, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Anglade, Berson, Blaye, Braud-et-Saint-Louis, Campugnan, Cars, Cartelègue, Cavignac, Cézac, Civrac-de-Blaye, Cubnezais, Donnezac, Etauliers, Eyrans, Fours, Générac, Laruscade, Marcenais, Marsas, Mazion, Plassac, Pleine-Selve, an chuid de bhardas Pugnac a bhain le Lafosse é sular chumasc siad roimh an 1 Iúil 1974, Reignac, Saint-Androny, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Genès-de Blaye, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Mariens, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Palais, Saint-Paul, Saint Savin, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saugon agus Val-de-Livenne.

(c) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Cadillac', buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiún an choiste náisiúnta inniúil an 5 Márta 2009, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Bassens, Baurech, Béguey, Bouliac, Cadillac-sur-Garonne, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Capian, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cénac, Cenon, Donzac, Floirac, Gabarnac, Haux, Langoiran, Laroque, Latresne, Lestiac-sur-Garonne, Lormont, Loupiac, Monprimblanc, Omet, Paillet, Quinsac, Rions, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Sainte-Croix-du-Mont, Sainte-Eulalie, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Maixant, Semens, Tabanac, Le Tourne, Verdelais, Villenave-de-Rions agus Yvrac.

(d) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Castillon', buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiún an choiste náisiúnta inniúil an 5 Márta 2009, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Belvès-de-Castillon, Castillon-la-Bataille, Gardegan-et-Tourtirac, Les Salles-de-Castillon, an chuid de bhardas Puisseguin a bhain le Monbadon sular chumasc siad an 1 Eanáir 1989, Sainte-Colombe, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Magne-de-Castillon agus Saint-Philippe-d'Aiguille.

(e) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Franc', buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiún an choiste náisiúnta inniúil an 5 Márta 2009, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Francs, Saint-Cibard agus Tayac.

(f) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Sainte-Foy', buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiún an choiste náisiúnta inniúil an 8 Meitheamh 2016, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Caplong, Eynesse, Gensac, Landerrouat, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Ligueux, Margueron, Massugas, Pellegrue, Pessac-sur-Dordogne, Pineuilh, Riocaud, La Roquille, Saint-André-et-Appelles, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Quentin-de-Caplong agus Sainte-Foy-la-Grande.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

2) *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

(a) Maidir leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Bordeaux', déantar na fíonta go heisiach as fíniúnacha atá suite ar dháileachtaí talún na limistéar táirgeachta a leagtar síos ag b), c), d) agus e), nó ar na dáileachtaí talún a shainaithnítear i gcomhréir le f) mar a leanas.

(b) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Blaye', déantar na fíonta go heisiach as fíniúnacha atá suite ar dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta arna bhformheas le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Premières Côtes de Blaye' ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag seisiúin an choiste náisiúnta inniúil ar na dátaí seo a leanas: An 31 Bealtaine 1991 le haghaidh bhardais Berson, Blaye, Cars, Civrac-de-Blaye, Eyrans, Fours, Marcenais, Mazion, Saint-Androny, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Seurin-de-Cursac agus Saint-Yzan-de-Soudiac; an 4 Samhain 1992 le haghaidh bhardas Cavignac; an 7 Samhain 2013 le haghaidh bhardas Reignac; an 3 Bealtaine 2017 le haghaidh bhardais Laruscade, Marsas, Plassac, Saint-Mariens agus Saugon; agus an 12 Feabhra 2026 le haghaidh bhardais Anglade, Braud-et-Saint-Louis, Campugnan, Cartelègue, Cézac, Cubnezais, Donnezac, Etauliers, Générac, Pleine-Selve, an chuid de bhardas Pugnac a bhain le Lafosse sular chumasc siad an 1 Iúil 1974, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Palais, Saint-Paul, Saint-Savin, Saint-Vivien-de-Blaye agus Val-de-Livenne.

(c) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Cadillac', déantar na fíonta as fíniúin atá suite ar dháileachtaí talún sa limistéar táirgeachta le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Premières Côtes de Bordeaux' arna fhormheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha an 7 agus an 8 Samhain 2002, an 8 agus an 9 Samhain 2006, an 5 Márta 2009, an 10 agus an 11 Feabhra 2010, an 5 Samhain 2015, an 3 Bealtaine 2017 agus an 11 agus an 12 Meitheamh 2025.

(d) maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Castillon', déantar na fíonta as fíniúnacha atá suite ar dháileachtaí talún sa limistéar táirgeachta le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Castillon' mar a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta iad ag cruinniú an choiste náisiúnta inniúil an 25 Feabhra 1988, agus a bhuanchoiste an 10 Iúil 2014.

(e) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Francs' déantar na fíonta as fíniúna ar dháileachtaí talún sa limistéar táirgeachta arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta inniúil an 3 Meitheamh 1983 agus an 9 Meitheamh 2015.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar dáileachta talún críochnaithe ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

(f) Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Sainte-Foy', déantar na fíonta as fíonchaora a bhuantar ar dháileachtaí talún a ndearnadh nós imeachta aitheantais orthu.

Sainaithnítear dáileachtaí talún ar bhonn na gcritéar a bhaineann lena suíomh. Is é coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta a leag síos na critéir ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Feabhra 2014, tar éis tuairim a fháil ón gcoiste saineolaithe a bunaíodh chun na críche sin.

Seolann aon táirgeoir ar mian leis go ndéanfar dáileacht fíonghoirt a shainaithint iarraidh chuig an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta, a chuireann cóip ar aghaidh chuig an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta roimh an 31 Márta de bhliain na buaine.

Formheasann coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta liosta na ndáileachtaí talún nua a shainaithnítear gach bliain tar éis tuairim a fháil ón gcoiste saineolaithe thuasluaite.

Féadfar liostaí na gcritéar agus na ndáileachtaí talún a shainaithnítear a fháil ón Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta agus ón eagraíocht cosanta agus bainistíochta ábhartha.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Is i Roinn Gironde, ar bhruacha aibhneacha an Garonne, an Dordogne, agus an Girondeatá, atá limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Bordeaux' suite, agus is tírdhreach dhronnlach ina bhfuil ithir cré-aolchloch den chuid is mó atá i gceist. Tá an t-ainmniúchán seo bunaithe ar na cúig lárionad fíonsaothrúcháin stairiúla seo a leanas: Blaye, Cadillac, Castillon-la-Bataille, Francs et Sainte-Foy-la-Grande. Is iad fíonghoirt 'Côtes de Bordeaux' na fíonghoirt is mó tionchar sna gleannta seo ina dtagann an t-uisce sáile agus an fíoruisce le chéile. Bíonn tionchar na mara le brath i bhfad isteach ón gcósta. Tagann aibhneacha an Dordogne agus an Garonne le chéile ag Inbhear Gironde. Tá an machaire agus bun an chnoic, atá suite os cionn na habhann agus a bhfuil a aghaidh siar ó dheas den chuid is mó, i limistéar 'Côtes de Bordeaux', ar limistéar é atá le fána géar mar gheall ar an difríocht i dtaca le hairde - difríocht idir tuairim is 30 méadar go níos mó ná 70 méadar. Ardchláir is mó atá in 'Côtes de Bordeaux' agus tá craobh-aibhneacha beaga ag sníomh trasna na n-ardchlár. Tairbhíonn an réigiún leathan seo de dhálaí aeráide measartha aonchineálacha atá fabhrach do tháirgeadh fíonchaor. Áirítear ar na dálaí sin an chaoi a bhfuil sé suite gar do dhobharlaigh mhóra: an tAigéan Atlantach, inbhear Gironde, agus gleannta Garonne agus Dordogne, a bhfuil ról tábhachtach acu uile maidir leis an teocht a rialáil. Ina theannta sin, déanann an tionchar muirí éifeachtaí shioc an earraigh a mhaolú. Baineann oidhreacht fhada le fíonta 'Côtes de Bordeaux', agus tá cáilíochtaí ar leith iontu de thoradh éagsúlacht na timpeallachta, na gcineálacha fíniúna agus na ndaoine. San am a caitheadh, roghnaíodh na dáileachtaí talún i suíomhanna ag bun na gcnoc, ar na fánaí, nó ar na hardchláir, ag brath ar acmhainneacht draenála na suíomhanna agus ar thréithe ábhartha a dtírdhreach. Gach bliain, cuireann 1 000 fíonsaothraí a gcuid scileanna i bhfeidhm chun na fíonta sin a tháirgeadh. Ar an gcaoi sin, déantar an méid is féidir ar gach dáileacht talún, san fhíonghort agus san fhíonlann, chun táirge cáiliúil a dheánamh: an ceanglas dlúis phlandaithe; an t-ualach uasta teoranta do gach dáileacht talún; rialacha maidir leis na príomhchineálacha fíniúna agus na cineálacha fíniúna tánaisteacha a chumasc; íostréimhse aibithe le haghaidh na bhfíonta go dtí an 15 Márta den bhliain tar éis na buaine. Tá oidhreacht shaibhir ag baint le fíonghoirt 'Côtes de Bordeaux' freisin: *châteaux* stairiúla, tithe maorga agus daingin, séipéil Rómhánacha, lóistín sómasach a bhfuil nasc aige le scríbhneoirí agus ealaíontóirí cáiliúla. Léiriú ar an réimse leathan gníomhaíochtaí fíonóireachta agus trádála sa limistéar is ea sráidbhailte caomhnaithe ina bhfuil sráideanna cúnga, dúnta agus muilte maorga. Is cuid thábhachtach d'fhíonta Bordeaux iad fíonta 'Côtes de Bordeaux', arb iad is cúis le thart ar 14 % de tháirgeadh an fhíona in Bordeaux. Is léiriú iad ar shaibhreas stairiúil agus ar acmhainneacht chineálacha fíniúna traidisiúnta Bordeaux. Tá cáil nach beag bainte amach ag an ainmniúchán 'Côtes de Bordeaux' agus na hainmneacha geografacha forlíontacha a ghabhann leis ar na príomh-mhargaí: an Fhrainc agus an Bheilg. Le 10 mbliana anuas, tá méadú 40 % tagtha ar mhiondíol na bhfíonta sa Fhrainc agus cheannaigh níos mó ná 15 % de theaghlaigh na Fraince fíonta leis an ainmniúchán seo. I dtéarmaí onnmhairíochta, tá cáil mhór ar fhíonta Côtes de Bordeaux san Eoraip, go háirithe sa Bheilg. Tá na fíonta á n-onnmhairiú níos faide i gcéin anois, go háirithe ar mhargaí na hÁise. Déantar na fíonta socra sin as cumaisc de chineálacha fíniúna príomha agus tánaisteacha den chuid is mó. Is minic a bhíonn na fíonta dearga bunaithe ar Merlot N mar an príomhchineál fíniúna, a fhástar ar ithreacha cré-aolchloiche a chuireann lena cháilíochtaí sonracha uile. Faightear fíonta atá torthaíoch agus bog nuair a dhéantar cumasc le Cabernet Sauvignon N, Cabernet Franc N nó Cot N (ar a dtugtar Malbec go háitiúil). Is iondúil go ndéantar na fíonta geala as Sauvignon B cumaiscthe le Semillon B agus Muscadelle B. Tá fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Bordeaux' maothlach, torthaíoch agus is féidir iad a choinneáil ar feadh 3 go 10 mbliana.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

3) Limistéar díreach in aice láimhe

(a) I gcás an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Bordeaux', cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025:

— Roinn Gironde:

Ambarès-et-Lagrave, Arbanats, Artigues-près-Bordeaux, Auriolles, Ayguemorte-les-Graves, Baigneaux, Baron, Barsac, Beautiran, Bellebat, Bellefond, Beychac-et-Caillau, Blésignac, Bommes, Bonnetan, Bossugan, Branne, La Brède, Budos, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Camarsac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Casseuil, Castelviel, an chuid de bhardas Castets et Castillon a chomhfhreagraíonn de bhardas tarmligthe Castets-en-Dorthe, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cazaugitat, Cérons, Cessac, Civrac-sur-Dordogne, Coirac, Coubeyrac, Courpiac, Créon, Croignon, Cursan, Daignac, Dardenac, Daubèze, Doulezon, Escoussans, Espiet, Les Esseintes, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Flaujagues, Frontenac, Gauriac, Gauriaguet, Génissac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Grézillac, Guillac, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jugazan, Juillac, Ladaux, Landiras, Langon, Lansac, Lapouyade Léogeats, Léognan, Lignan-de-Bordeaux, Listrac-de-Durèze, Loupes, Lugaignac, Lugasson, Lussac, Madirac, Martillac, Martres, Mazères, Mombrier, Montagne, Montignac, Montussan, Morizès, Mouliets-et-Villemartin, Moulon, Mourens, Naujan-et-Postiac, Nérigean, Peujard, Le Pian-sur-Garonne, Podensac, Pompignac, Porte-de-Benauge, Portets, Le Pout, Preignac, Pugnac, Puisseguin, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Rauzan, Roaillan, Romagne, Sadirac, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Brice, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-Brice, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Emilion, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Macaire, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Selve, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-longue, Sainte-Radegonde, Sainte-Terre, Salleboeuf, Samonac, Sauternes, La Sauve, Soulignac, Soussac, Targon, Tauriac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulenne, Tresses, Vignonet, Villeneuve agus Virelade.

— Roinn Dordogne:

Bergerac, Bonneville-et-Saint-Avit-de-Fumadière, Bosset, Cunèges, Le Fleix, La Force, Fraisse, Gageac-et-Rouillac, Gardonne, Ginestet, Lamonzie-Saint-Martin, Lamothe-Montravel, Les Lèches, Lunas, Mescoules, Minzac, Monbazillac, Monestier, Monfaucon, Montazeau, Montcaret, Nastringues, Pomport, Port-Sainte-Foy-et-Ponchapt, Prigonrieux, Razac-de-Saussignac, Ribagnac, Rouffignac-de-Sigoulès, Saint-Antoine-de-Breuilh, Saint-Georges-de-Blancaneix, Saint-Géry, Saint-Méard-de-Gurçon, Saint-Michel-de-Montaigne, Saint-Pierre-d'Eyraud, Saint-Seurin-de-Prats, Saint-Vivien, Saussignac, Sigoulès et Flaugeac, Thénac, Vélines agus Villefranche-de-Lonchat.

— Roinn Charente-Maritime: Saint-Georges-des-Agoûts.

(b) I gcás an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Blaye', cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025:

— Roinn Gironde:

Gauriac, Gauriaguet, Lansac, Lapouyade, Mombrier, Peujard, an chuid de bhardas Pugnac a bhain le Lafosse sular chumasc siad an 1 Iúil 1974, Saint-André-de-Cubzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Trojan, Tauriac, Teuillac, Tizac-de-Lapouyade agus Villeneuve.

— Roinn Charente-Maritime: Saint-Georges-des-Agoûts.

(c) I gcás an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh ‘Cadillac’, cuimsítear sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas i Roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025: Ambarès-et-Lagrave, Arbanats, Artigues-près-Bordeaux, Ayguemorte-les-Graves, Baigneaux, Baron, Barsac, Beautiran, Bellebat, Bellefond, Beychac-et-Caillau, Blésignac, Bommes, Bonnetan, Branne, La Brède, Budos, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Camarsac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Casseuil, Castelviel, an chuid de bhardas Castets et Castillon a chomhfhreagraíonn do bhardas tarmligthe Castets-en-Dorthe, Castres-Gironde, Caudrot, Cérons, Cessac, Coirac, Courpiac, Créon, Croignon, Cursan, Daignac, Dardenac, Daubèze, Escoussans, Espiet, Les Esseintes, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Frontenac, Génissac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Grézillac, Guillac, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jugazan, Ladaux, Landiras, Langon, Léogeats, Léognan, Lignan-de-Bordeaux, Loupes, Lugaignac, Lugasson, Madirac, Martillac, Martres, Mazères, Montignac, Montussan, Morizès, Moulon, Mourens, Naujan-et-Postiac, Nérigean, Le Pian-sur-Garonne, Podensac, Pompignac, Porte-de-Benauge, Portets, Le Pout, Preignac, Pujols-sur-Ciron, Rauzan, Roaillan, Romagne, Sadirac, Saint-André-du-Bois, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Brice, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Germain-du-Puch, Saint Hilaire-du-Bois, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Macaire, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Médard-d’Eyrans, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Pierre-d’Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Selve, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Saint-Vincent-de-Paul, Sainte-Foy-la-longue, Salleboeuf, Sauternes, La Sauve, Soulignac, Targon, Tizac-de-Curton, Toulenne, Tresses agus Virelade.

(d) I gcás an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh ‘Castillon’, cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025:

— Roinn Gironde:

Francs, Montagne, Puisseguin, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Pey-d’Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Emilion, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Sainte-Terre, Tayac agus Vignonet.

— Roinn Dordogne:

Minzac, Saint-Méard-de-Gurçon, Saint-Michel-de-Montaigne agus Villefranche-de-Lonchat.

(e) I gcás an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh ‘Francs’, cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025:

— Roinn Gironde:

Belvès-de-Castillon, Castillon, Gardegan-et-Tourtirac, Lussac, Montagne, Puisseguin, Saint-Emilion, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Philippe-d’Aiguille, Sainte-Colombe, Les Salles-de-Castillon agus Vignonet.

— Roinn Dordogne:

Minzac, Saint-Méard-de-Gurçon, Saint-Michel-de-Montaigne agus Villefranche-de-Lonchat.

(f) I gcás an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh ‘Sainte-Foy’, cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025:

— Roinn Gironde:

Auriolles, Bossugan, Caumont, Cazaugitat, Civrac-sur-Dordogne, Coubeyrac, Doulezon, Flaujagues, Juillac, Listrac-de-Durèze, Mouliets-et-Villemartin, Pujols, Rauzan, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Ferme, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Vincent-de-Pertignas, Sainte-Florence, Sainte-Radegonde agus Soussac.

— Roinn Dordogne:

Bergerac, Bonneville-et-Saint-Avit-de-Fumadière, Bosset, Cunèges, Le Fleix, La Force, Fraisse, Gageac-et-Rouillac, Gardonne, Ginestet, Lamonzie-Saint-Martin, Lamothe-Montravel, Les Lèches, Lunas, Mescoules, Monbazillac, Monestier, Monfaucon, Montazeau, Montcaret, Nastringues, Pomport, Port-Sainte-Foy-et-Ponchapt, Prigonrieux, Razac-de-Saussignac, Ribagnac, Rouffignac-de-Sigoulès, Saint-Antoine-de-Breuilh, Saint-Georges-de-Blancaneix, Saint-Géry, Saint-Michel-de-Montaigne, Saint-Pierre-d'Eyraud, Saint-Seurin-de-Prats, Saint-Vivien, Saussignac, Sigoulès et Flaugeac, Thénac agus Vélines.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Ainmneacha geografacha forlíontacha

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh le ceann de na hainmneacha geografacha comhlántacha 'Blaye', 'Cadillac', 'Castillon', 'Francs' nó 'Sainte-Foy' i gcás fíonta a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos le haghaidh na n-ainmneacha geografacha forlíontacha.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a shonrú ar lipéid fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu. Ní bheidh méid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos mó sin níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Aitheantóir comhchoiteann

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Cuirtear an t-aitheantóir comhchoiteann ar lipéid fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Côtes de Bordeaux' acu, a bhféadfadh ceann de na hainmneacha geografacha comhlántacha 'Blaye', 'Cadillac', 'Castillon', 'Francs' nó 'Sainte-Foy' a bheith acu chomh maith, i gcomhréir le forálacha na comhchairte atá i bhfeidhm, comhchairt a tharraing an grúpa suas agus a cuireadh ar fáil do na hoibreoirí uile.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

I gcás fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, féadfar an t-ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— ainm áite is ea é atá sa chlár talún;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Téarmaí lipéadaithe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór an téarma 'moelleux' [leath-mhilis] a bheith ar lipéid fíonta geala a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Côtes de Bordeaux' acu chomh maith leis an ainm geografach forlíontach 'Sainte-Foy', ar fíonta iad ina bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) idir 17 agus 45 ghram in aghaidh an lítir.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-eb0e9ab0-8b16-46a0-a705-59f6140c1b51